

Pholainn, an-Vársá: Uirlisí Anailíse Muirí
OJ S 47/2020 06/03/2020
Fógra conartha
Seirbhísí

Bunús dlí:

Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046

Alt I: Údarás conarthachta

I.1. Ainm agus seoltaí

Ainm oifigiúil: An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta — Frontex

Seoladh poist: Plac Europejski 6

Baile: Warsaw

Cód NUTS: PL911 Miasto Warszawa

Cód poist: 00-844

Tír: An Pholainn

Teagmhálaí: Frontex Procurement Team

Ríomhphost: procurement@frontex.europa.eu

Guthán: +48 222059500

Facs: +48 222059501

Seoladh/seoltaí idirlín:

Príomhsheoladh: <https://etendering.ted.europa.eu/cft/cft-display.html?cftId=5928>

I.3. Cumarsáid

Tá na doiciméid soláthair ar fáil ionas gur féidir rochtain dhíreach lán gan srianadh, saor in aisce a fháil orthu ag: <https://etendering.ted.europa.eu/cft/cft-display.html?cftId=5928>

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ó an seoladh thuasluaite

Ní mór tairiscintí nó iarratais ar rannpháirtíocht a sheoladh chuig an seoladh thuasluaite

I.4. An cineál údaráis chonarthachta

Institiúid/ghníomhaireacht Eorpach nó eagraíocht idirnáisiúnta

I.5. Príomhghníomhaíocht

Seirbhísí poiblí ginearálta

Alt II: Cuspóir

II.1. Raon feidhme an tsoláthair**II.1.1. Teideal**

Uirlisí Anailíse Muirí

Uimhir thagartha: Frontex/RP/1181/2019/AH

II.1.2. Príomhchód CPV

72316000 Data analysis services

II.1.3. An cineál conartha

Seirbhísí

II.1.4. Cur síos achomair

De réir an tsoláthair seo tá sé d'aidhm ag Frontex ilrochtain (íosmhéid 4) a fháil ar uirlisí anailíse muirí atá ann cheana ar feadh tréimhse 1 bhliain amháin. Beidh an Conradh in-athnuaite, go huasmhéid 3 huair, gach uair ar feadh 1 bhliain amháin eile agus le cinneadh Frontex. Is é an cuspóir uileghabhálach cumas tiomnaithe anailíseach a chur ar bun chun taighde a dhéanamh go córasach ar an timpeallacht riosca muirí agus sraith táirgí a sheachadadh lena sainaitnítear bagairtí ardriosca, measúnú a dhéanamh ar rioscaí muirí agus na príomhpháirtithe leasmhara a chur ar an eolas: lucht ceaptha beartas agus lucht forfheidhmithe dlí sa réimse tábhachtach oibre sin. Dá bhrí sin, tá sé i gceist le himscaradh uirlisí anailíse muirí tacaíocht oibríochtúil Frontex a fheabhsú d'údaráis an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus forfheidhmithe dlí an Aontais Eorpaigh chun imirce neamhdhleathach agus coireacht trasteorann a chur faoi chois agus a chosc sa réimse muirí.

II.1.5. Luach iomlán measta

Luach gan CBL san áireamh: 2 600 000,00 EUR

II.1.6. Faisnéis faoi bhearta

Tá an Conradh seo roinnte ina bhearta: níl

II.2. Cur síos

II.2.3. Láthair feidhmíochta

Cód NUTS: PL911 Miasto Warszawa

Príomhshuíomh nó príomhláthair na feidhmíochta: Áitreabh Frontex, Vársá, an Pholainn.

II.2.4. Cur síos ar an soláthar

Chun críche an chonartha seo, sainítear uirlisí anailíse muirí mar chóras a oibríonn le 'mórshonraí' muirí (e.g. sonraí córais tuairiscithe mhuirí, faisnéis faoi úinéireacht/bainistíocht long, gluaiseachtaí stairiúla soithí agus faisnéis ábhartha foinse oscailte). Ní mór an córas a bheith in ann faisnéis a tháirgeadh ar mhaithe le húdaráis an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh agus forfheidhmithe dlí trí na feidhmeanna a leanas a chomhlíonadh:

(a) "mórshonraí" muirí a ghabháil, a bhailiú, a stóráil, a chuardach, a cheistiú, a léirshamhlú agus a nuashonrú;

(b) bagairtí ardriosca a anailísiú, a shainaitint/a rangú, rioscaí muirí a mheasúnú agus beartas agus cleachtas a threorú sa réimse oibre sin den réimse muirí;

(c) cumais anailíseacha a dhéanamh chun taighde a dhéanamh go córasach ar an gcomhshaol riosca muirí agus sraith táirgí a sheachadadh, amhail foláirimh/próifílí riosca, forbhreathnú straitéiseach tréimhsiúil, anailísí ar limistéir mhuirí agus léarscáileanna riosca AE /réigiúnaigh.

II.2.5. Critéir dámhachtana

Ní praghas an t-aon critéar dámhachtana agus ní luaitear na critéir uile ach amháin sna doiciméid soláthair

II.2.6. Luach measta

Luach gan CBL san áireamh: 2 600 000,00 EUR

II.2.7. Tréimhse an chonartha, comhaontú creatlaí nó córas dinimiciúil ceannaigh

Fad ina mhíonna: 12

Tá an Conradh seo faoi réir ag athnuachan: tá

Cur síos ar athnuachaintí:

Déanfar an Conradh ar feadh tréimhse tosaigh 1 bhliain amháin, agus trí athnuachan fhéideartha ina diaidh sin, gach ceann acu ar feadh 12 mhí.

II.2.10. Faisnéis faoi mhalairtí

Glacfar le malairtí: níl

II.2.11. Faisnéis faoi roghanna

Roghanna: tá

Cur síos ar na roghanna:

Féadfaidh Frontex cinneadh a dhéanamh ceadúnais bhreise a cheannach le linn ré an chonartha.

II.2.13. Faisnéis faoi Chistí an Aontais Eorpaigh

Baineann an soláthar le tionscadal agus/nó clár arna mhaoiniú ag cistí an Aontais Eorpaigh: níl

II.2.14. Faisnéis bhreise

Alt III: Faisnéis dhlíthiúil, eacnamaíoch, airgeadais agus theicniúil

III.1. Coinníollacha rannpháirtíochta

III.1.1. Oiriúnacht le bheith páirteach sa ghníomhaíocht ghairmiúil, lena n-áirítear riachtanais a bhaineann le rollú ar chláir ghairmiúla nó cheirde

Liosta agus cur síos achomair ar na coinníollacha:

Iarrtar ar thairgeoir a chruthú go bhfuil siad údaraithe an conradh a fheidhmiú faoin dlí náisiúnta, i bhfianaise a n-áireamh i gclár ceirde nó gairme nó le dearbhú nó deimhniú faoi mhionn, ballraíocht in eagraíocht shonrach, údarú sainráite, nó iontráil sa chlár CBL.

Fianaise riachtanach:

Soláthróidh an tairgeoir foirm um aonán dlítheanach (féach an nasc thíos) arna comhlánú agus arna síniú go cuí agus na doiciméid arna n-iarraidh inti ag gabháil léi.

http://ec.europa.eu/budget/contracts_grants/info_contracts/legal_entities/legal_entities_en.cfm

III.1.2. Stádas eacnamaíoch agus airgeadais

Liosta agus cur síos achomair ar na critéir roghnúcháin:

Ní mór d'iarrthóirí léiriú a dhéanamh go bhfuil acmhainní eacnamaíocha agus airgeadais imleora acu chun na tascanna a shonraítear san fhógra conartha seo a thabhairt chun críche.

Íosriachtanais:

— ní mór meánláimhdeachas bliantúil do na 3 bliana airgeadais seo a chuaigh thart (a bhfuil cuntais dúnta ina leith) a bheith cothrom le nó níos mó ná 2 000 000 EUR.

Bunófar an measúnú sin ar an méid a leanas:

(a) ráiteas maidir le láimhdeachas bliantúil foriomlán le linn na 3 bliana airgeadais seo caite arna shíniú ag ionadaí dlíthiúil údaraithe na cuideachta.

Íosleibhéal caighdeán (íosleibhéil chaighdeán) a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil:

Mar atá thuas.

III.1.3. Cumas teicniúil agus gairmiúil

Liosta agus cur síos achomair ar na critéir roghnúcháin:

Soláthróidh na hiarrthóirí faisnéis agus foirmiúlachtaí a theastaíonn chun comhlíonadh na riachtanas a mheastóireacht:

(a) cruthúnas go bhfuil iarrthóirí údaraithe an conradh a chomhlíonadh faoin dlí náisiúnta, a chruthaítear trí bheith san áireamh ar chláir ceirde nó gairme nó le teastas nó dearbhú faoi mhionn, ballraíocht in eagraíocht ar leith, údarú sainráite nó le hiontráil sa chlár CBL;

(b) liosta de thionscadail/chonarthaí chomhchosúla a cuireadh chun feidhme le 3 bliana anuas le cur síos gairid, a thaispeánann taithí in ábhar an ghlaio seo ar thairiscintí; is é 3 an líon íosta is gá;

(c) saintréithe/feidhmiúlachtaí na huirlise ar féidir leo a sholáthar:

Ceanglaítear ar thairgeoirí an tábla ábhartha a chomhlánú ina dtugtar cur síos ar an acmhainn agus ar an gcumas riachtanach chun an tseirbhís riachtanach a sheachadadh. Ní thabharfar cuireadh chun tairisceana ach amháin do thairgeoirí a bhfuil ar a gcumas uirlis a sholáthar le gach gné éigeantach agus ceann amháin ar a laghad de na gnéithe roghnacha.

- 1) Éigeantach: is féidir le d'uirlis sonraí suímh dhomhanda a ghabháil, a stóráil agus a bhainistiú ó chórais tuairiscithe long ar feadh na 5 bliana seo caite ar a laghad (e.g. sonraí stairiúla cuimsitheacha ar thurais, calafoirt chuarda ghlaonna roimhe sin/ ina dhiaidh sin);
- 2) Éigeantach: ligeann d'uirlis don úsáideoir rialacha cuardaigh agus fiosrúcháin a bhunú bunaithe ar iompar long faoi leith;
- 3) Éigeantach: seachadann d'uirlis cumais anailíseacha ardleibhéil arna dtacú ó algartaim intleachta saorga/meaisínfhoghlama (e.g. measúnú ar leibhéal riosca soithigh);
- 4) Roghnach: áirítear le d'uirlis comhleá sonraí soithí stairiúla, statacha agus dinimiciúla (e.g. sonraí soithí, faisnéis ó chuideachta loingseoireachta agus feidhmíocht eacnamaíoch);
- 5) Roghnach: tá cumais anailíseacha ag d'uirlis d'fhonn measúnú a dhéanamh ar leibhéal riosca úinéireachta/bainistíochta soithí agus cabhlaigh.

Íosleibhéal caighdeán (íosleibhéil chaighdeán) a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil:

Mar atá thuas.

Alt IV: Nós imeachta

IV.1. Cur síos

IV.1.1. An cineál nós imeachta

Nós imeachta teoranta

IV.1.3. Faisnéis faoi chomhaontú creatlaí nó faoi chóras ceannaigh dinimiciúil

IV.1.8. Faisnéis faoi Chomhaontú Soláthair Rialtais (GPA)

Tá an soláthar cumhdaithe ag an gComhaontas Soláthair Rialtais: níl

IV.2. Faisnéis riaracháin

IV.2.2. Teorainn ama chun tairiscintí nó chun iarratais ar rannpháirtíocht a fháil

Dáta: 31/03/2020 Am áitiúil: 14:00

IV.2.3. Dáta measta maidir le seoladh na gcuirí chun tairisceana nó chun rannpháirtíochta chuig iarrthóirí roghnaithe

Dáta: 26/04/2020

IV.2.4. Teangacha inar féidir tairiscintí nó iarratais ar rannpháirtíocht a chur isteach

Bulgáiris, Seicis, Danmhairgis, Gearmáinis, Gréigis, Béarla, Spáinnis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gaeilge, Cróitis, Ungáiris, Iodáilis, Liotuáinis, Laitvis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Slóvaicis, Slóivéinis, Sualainnis

IV.2.6. Fráma ama íosta nár mhór don iarrthóir an tairiscint a choinneáil lena linn

Fad ina mhíonna: 3 (ón dáta tugtha le haghaidh tairiscintí a fháil)

Alt VI: Faisnéis chomhlántach

VI.1. Faisnéis faoi ateagmhas

Is soláthar ateagmhasach é seo: níl

VI.3. Faisnéis bhreise

VI.4. Nósanna imeachta athbhreithniúcháin

VI.4.1. Comhlacht athbhreithniúcháin

Ainm oifigiúil: An Chúirt Ghinearálta

Seoladh poist: Rue du Fort Niedergrünwald

Baile: Luxembourg

Cód poist: L-2925

Tír: Lucsamburg

Ríomhphost: cfi.registry@curia.europa.eu

Guthán: +352 4303-1

Facs: +352 4303-2100

Seoladh idirlín: <http://www.curia.europa.eu>

VI.5. Dáta seolta an fhógra seo

25/02/2020